# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Caingean arna tabhairt an 11 Eanáir 2022 – Perez Lopes Pargana Calado v An Chúirt Bhreithiúnais**

**(Cás T-31/22)**

(2022/C 158/10)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ana Teresa Perez Lopes Pargana Calado (an Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaí: M. Marques Matias, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh a bhaineann leis an iarratasóir i gcomhthéacs na n-imeachtaí reatha a chur ar neamhní mar gheall ar easpa bunúis.

— An cinneadh thuasluaite a mhalartú le ceann eile a thabharfadh le fios an é go nglactar leis iarratasóir nó nach nglactar leis, agus, sa chás nach gceadaítear, na cúiseanna a mheastar a bheith i gcoinne leasa an iarratasóra i gcomparáid leis na hiarrthóirí eile i ndáil leis an bhfógra conartha a thabhairt le fios.

— Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh agus é a mhalartú le ceann eile lena nglacfaí leis an iarratasóir de réir na téarmaí céanna leis na hiarrthóirí eile.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an chomhionannais: níl an cinneadh cothromasach i gcomparáid leis na hiarrthóirí eile.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil sé dodhéanta an sárú a chur i bhfeidhm toisc go bhfuil sé mídhleathach.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuarthas treoracha ón gCúirt Bhreithiúnais chun aistriúchán idir lámha a chríochnú.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil na doiciméid go léir a cuireadh isteach i gcomhréir leis na ceanglais agus nach bhfuil na cúiseanna leis an eisiamh san áireamh sa chinneadh gan glacadh leo.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur cheart an dearbhú a cuireadh ar fáil a bhaint ón gcomhad agus nach rachadh sé i gcoinne leas an iarrthóra, toisc nach raibh sé ina chuid de na doiciméid a iarradh.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an ceart chun éisteacht a fháil roimh ghlacadh na mbeart chun an t-iarratas ar thairiscintí a eisiamh ar bhonn sáraithe arna líomhain (an chéad fhleasc d'Airteagal 41(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin údar a thabhairt lena chinntí (an tríú fleasc d'Airteagal 41(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Collard v an Pharlaimint agus ID**

**(Cás T-53/22)**

(2022/C 158/11)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Gilbert Collard (Vauvert, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa, an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an dá chinneadh a neamhniú, an cinneadh sealadach maidir le fionraí an 21 Eanáir 2022 ar an gcéad dul síos, an cinneadh maidir le heisiamh an 25 Eanáir 2022 ar an dara dul síos;

— a ordú go gcuirfí an dá chinneadh seo ar fionraí láithreach.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean chun neamhniú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar chinneadh an 22 Eanáir 2022 biúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathais" (ID) lenar cuireadh an t-iarratasóir ar fionraí ón ngrúpa ar feadh dhá mhí, agus, ar an dara dul síos, ar chinneadh an 25 Eanáir 2022 ón ngrúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) lenar eisíodh é ón ngrúpa sin, cáineann an t-iarratasóir na cinntí sin, i bhfoirm, as neamhchomhlíonadh an phróisis araíonachta bunúsaí agus, go bunúsach, as aon bhunús bailí a bheith acu.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Rivière v an Pharlaimint agus ID**

**(Cás T-54/22)**

(2022/C 158/12)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Jérôme Rivière (Párás, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* Parlaimint na hEorpa, an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an dá chinneadh a neamhniú, an cinneadh sealadach maidir le fionraí an 21 Eanáir 2022 ar an gcéad dul síos, agus an cinneadh maidir le heisiamh an 25 Eanáir 2022 ar an dara dul síos;

— a ordú go gcuirfí an dá chinneadh seo ar fionraí láithreach.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean chun neamhniú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar chinneadh an 22 Eanáir 2022 biúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathais" (ID) lenar cuireadh an t-iarratasóir ar fionraí ón ngrúpa ar feadh dhá mhí, agus, ar an dara dul síos, ar chinneadh an 25 Eanáir 2022 ón ngrúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) lenar eisíodh é ón ngrúpa sin, cáineann an t-iarratasóir na cinntí sin, i bhfoirm, as neamhchomhlíonadh an phróisis araíonachta bunúsaí agus, go bunúsach, as aon bhunús bailí a bheith acu.

---

**Caingean arna tabhairt an 26 Eanáir 2022 – an Ríocht Aontaithe v an Coimisiún**

**(Cás T-56/22)**

(2022/C 158/13)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (ionadaithe: L. Baxter, i gcáil Gníomhaire, agus T. Buley, Abhcóide)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach